Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (50 marc)**

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 1 | • Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag séis agus rithim<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 48 – 50<br>45 – 47<br>42 – 44 |
| | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 40 – 41<br>37 – 39<br>35 – 36 |
| | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Modhnú neamhdheimhnithe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 32 – 34<br>30 – 31<br>27 – 29 |
| | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Níor éirigh le modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 25 – 26<br>22 – 24<br>20 – 21 |
| | • Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe.* | 17 – 19<br>15 – 16<br>12 – 14 |
| | • Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaíodh aon uirlis.* | 10 – 11<br>7 – 9<br>5 – 6 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 4<br>1<br>0 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 2 | • "Ceangal" sármhaith idir focail agus ceol<br>• Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 48 – 50<br>45 – 47<br>42 – 44 |
| | • "Ceangal" an-mhaith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 40 – 41<br>37 – 39<br>35 – 36 |
| | • "Ceangal" maith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 32 – 34<br>30 – 31<br>27 – 29 |
| | • "Ceangal" réasúnta idir focail agus ceol<br>• Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 25 – 26<br>22 – 24<br>20 – 21 |
| | • "Drochcheangal" idir focail agus ceol<br>• Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochthuiscint ar threo<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 17 – 19<br>15 – 16<br>12 – 14 |
| | • "Fíor-dhrochcheangal" idir focail agus ceol<br>• Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach* | 10 – 11<br>7 – 9<br>5 – 6 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 4<br>1<br>0 |
| | Gan téacs curtha isteach | 0 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 3 | • Coinnítear iomláine rithimeach an damhsa go sármhaith<br>• Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag séis agus rithim<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go sármhaith leis an struchtúr tugtha<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 48 – 50<br>45 – 47<br>42 – 44 |
| | • Coinnítear iomláine rithime an damhsa go han-mhaith<br>• Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go han-mhaith leis an struchtúr tugtha<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 40 – 41<br>37 – 39<br>35 – 36 |
| | • Iarracht mhaith chun rithim an damhsa a choinneáil<br>• Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go maith leis an struchtúr tugtha<br>• Modhnú neamhdheimhnithe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 32 – 34<br>30 – 31<br>27 – 29 |
| | • Iarracht réasúnta chun rithim an damhsa a choinneáil<br>• Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go réasúnta leis an struchtúr tugtha<br>• Níor éirigh le modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 25 – 26<br>22 – 24<br>20 – 21 |
| | • Drochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Drochábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br>• Cloítear go dona leis an struchtúr tugtha<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe.* | 17 – 19<br>15 – 16<br>12 – 14 |
| | • Fíor-dhrochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>• Cloítear go han-dona leis an struchtúr tugtha<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaiodh aon uirlis.* | 10 – 11<br>7 – 9<br>5 – 6 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2 – 4<br>1<br>0 |

## ROINN B – ARMÓIN (50 marc)

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="9">4</td><td rowspan="7">Séis</td><td>• Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29</td><td rowspan="7">33</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>27<br>25 – 26<br>23 – 24</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht mhaith<br>• Feasacht mhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>22<br>20 – 21<br>18 – 19</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>17<br>15 – 16<br>13 – 14</td></tr>
<tr><td>• Drochstíl agus samhlaíocht<br>• Drochfheasacht ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>12<br>10 – 11<br>8 – 9</td></tr>
<tr><td>• Fíor-dhrochstíl agus samhlaíocht<br>• Fíor-dhrochfheasacht ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>7<br>5 – 6<br>3 – 4</td></tr>
<tr><td>Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta</td><td>2<br>1<br>0</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 marc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda (0.5 X 20)<br>(Tuinairde cheart san áit cheart ar bhonn rithimeach)</td><td>10</td><td rowspan="2">17</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil
<table>
<tr><th>Caighdeán na Dordlíne</th><th></th></tr>
<tr><td>• Dordlíne shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar stíl</td><td>7</td></tr>
<tr><td>• Dordlíne an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar stíl</td><td>6</td></tr>
<tr><td>• Dordlíne mhaith<br>• Feasacht mhaith ar stíl</td><td>4 - 5</td></tr>
<tr><td>• Dordlíne réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar stíl</td><td>2 - 3</td></tr>
<tr><td>• Droch-dhordlíne<br>• Drochfheasacht ar stíl</td><td>0 - 1</td></tr>
</table></td><td>7</td></tr>
</table>

| C | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|
| 5 | Cordaí | • 1 marc do gach corda ar chuid de réimniú maith é i mboscaí corda 2 – 16, 18, 20 agus 21<br>• 0.5 marc do gach corda ar chuid de réimniú maith é i mboscaí corda 1, 17, 19 agus 22 | 20 | **30** |
| | | Cáilíocht na réimnithe ceoil i stíl na hoscailte tugtha (see table below) | 10 | |
| | Dord | 0.5 de mharc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail cheart chorda | 11 | **20** |
| | | Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil (see table below) | 9 | |

| Cáilíocht na Réimnithe Cordaí | |
|---|---|
| Réimnithe cordaí sármhaithe | 9 – 10 |
| Réimnithe cordaí an-mhaith | 6 – 8 |
| Réimnithe cordaí maithe | 4 – 5 |
| Réimnithe cordaí réasúnta | 2 – 3 |
| Drochréimnithe cordaí | 0 – 1 |

| Caighdeán na Dordlíne | |
|---|---|
| • Dordlíne shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar stíl | 8 – 9 |
| • Dordlíne an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar stíl | 6 – 7 |
| • Dordlíne mhaith<br>• Feasacht mhaith ar stíl | 4 – 5 |
| • Dordlíne réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar stíl | 2 – 3 |
| • Droch-dhordlíne<br>• Drochfheasacht ar stíl | 0 – 1 |

**Cordaí:** bronntar marcanna ar an gcéad dul síos ar chordaí cearta inghlactha. Tá sé seo i gcomhthéacs (i) an corda in oiriúint do líne na séise ag an bpointe sin (i.e. go dtí an chéad athrú eile ar chorda a léirítear le bosca) (ii) an corda roimhe sin agus (iii) an corda a thagann ina dhiaidh. Mar sin, mura bhfuil aon rud "mícheart", faigheann an t-iarrthóir an marc don chorda. Cinntíonn sé sin freisin gur féidir leo an marc le haghaidh nóta doird a fháil freisin.

**Cáilíocht corda:** Bronntar marcanna anseo ar cháilíocht cheoil na réimnithe foriomlán a roghnaíodh. Cé go mb'fhéidir gur roghnaigh an t-iarrthóir cordaí a "d'oibrigh" ag pointe ar bith, b'fhéidir go raibh roghanna níos fearr ann. Más é sin an cás, léireofar sin sa mharc do cháilíocht an chorda.

**Réimnithe Cordaí – Pointí ginearálta**
Ní ghlacfar leis an gcorda céanna i mboscaí le hais a chéile murar athraíodh an dord nó murar cuireadh 7aigh isteach
Ní mór go mbeadh an seachtrán agus an iarmhír, nuair is ábhartha iad, go hiomlán ceart ionas go mbronnfar marc
**Ní bhronnfar marcanna as cordaí go haonaránach. Ní mór go mbeadh cordaí mar chuid de réimniú maith.**

- Ní ghlactar le $V^7$ - V
- Ní mór go ginearálta do i a bheith i ndiaidh Vb nó $V^7$b
- Ní ghlactar go ginearálta le V – $ii^o$b,
- Ní ghlactar le $ii^o$b – i go hiondúil ach amháin mar chur chuige i dtaca le ic i 6/4 dúntach
- Ní mór go mbeadh 6/4 dúntach ar an gceann is láidre den dá bhuille agus ag pointe dúnta
- Ní mór go mbeadh seachtaigh tánaisteacha, má úsáidtear iad, in úsáid mar is ceart i.e. ní foláir go mbíonn corda a fhréamh ceathrach níos airde ina ndiaidh

**Dordlíne**
Gan aon dúbailt ar mhórthréach faoi shiombail corda

| **C** | | **Tuairiscíní** | **Marc** | |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **Cordaí** | • 1 mharc as gach corda a oireann don tséis agus ar cuid de réimniú maith cordaí é i mboscaí cordaí 2, 4 – 6, 8 – 12 agus 15 – 19<br>• 0.5 marc as gach corda a oireann don tséis agus ar cuid de réimniú maith cordaí é i mboscaí cordaí 1, 3, 7, 13 – 14 agus 20 | 17 | **17** |
| | **Forshéis** | • Líne forshéise shármhaith laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go sármhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29 | **33** |
| | | • Líne forshéise an-mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go han-mhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 27<br>25 – 26<br>23 – 24 | |
| | | • Líne forshéise mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go maith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 22<br>20 – 21<br>18 – 19 | |
| | | • Líne forshéise réasúnta, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go réasúnta le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 17<br>15 – 16<br>13 – 14 | |
| | | • Drochlíne forshéise, laistigh den chreat harmónach<br>• Cloítear go dona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 12<br>10 – 11<br>8 – 9 | |
| | | • Fíor-dhrochlíne forshéise, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go fíordhona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 7<br>5 – 6<br>3 – 4 | |
| | | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2<br>1<br>0 | |

| | Tuairiscíní | Marc | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | • Sárleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Sárthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta /an ionstraimithe / an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos thar cionn ar phróiseas na cumadóireachta | 85 – 100 | 100 |
| | • Leibhéal an-mhaith cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint an-mhaith ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos an-mhaith ar phróiseas na cumadóireachta | 70 – 84 | |
| | • Leibhéal maith cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint maith ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos maith ar phróiseas na cumadóireachta | 55 – 69 | |
| | • Leibhéal réasúnta cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint réasúnta ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos réasúnta ar phróiseas na cumadóireachta | 40 – 54 | |
| | • Drochleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Drochthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht easnamhach<br>• Droch chur síos ar phróiseas na cumadóireachta | 25 – 39 | |
| | • Fíor-dhrochleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht easnamhach<br>• Fíor-dhroch chur síos ar phróiseas na cumadóireachta | 10 – 24 | |
| | • Fiorbheagán iarracht no gan aon iarracht deanta | 0 – 9 | |

## Nótaí Ginearálta do Scrúdaitheoirí

**1.** Marcáil cáilíocht fhoriomlán na ráiteas/an chuir síos.

**NB Ní féidir marcanna iomlána a bhronnadh ach le haghaidh ráiteas/cur síos atá go hiomlán i gceart.**

**2.** Áit a bhfuil rogha ceisteanna le freagairt (C5B), má fhreagraíonn iarrthóir níos mó ná aon cheist amháin, marcáil gach freagra agus bronn na marcanna ón bhfreagra is fearr.

**3.** I gceisteanna ina n-iarrtar ar an iarrthóir méid sonrach gnéithe/uirlisí a aithint/a ainmniú/a roghnú, cealaíonn gach freagra mícheart breise ceann ceart.

| Ceist 1 – (25 Marc) | | |
|---|---|---|
| | **Sé sliocht as an gceathrú gluaiseacht de** ***Symphonie Fantastique*** **le Berlioz.** | |
| | **Sliocht 1 (barraí 17 – 24): Dlúthdhiosca 1 Rianta 3 – 5** | |
| **(a)** | (i) dordveidhilí<br>olldoird<br>(ii) dhá ochtach | 1<br>1<br>2 |
| | **Sliocht 2 (barraí 25 – 32): Dlúthdhiosca 1 Rianta 6 – 8** | |
| **(b)** | Suas le trí mharc le haghaidh cur síos ar uigeacht an cheoil sa sliocht.<br><br>**Mar shampla:**<br>tá cuntrashéis ar an mbasún = 3<br>tá séis ar *vc/cb* agus séis eile (ar bhasún) ag an am céanna = 3<br>tá séis (ar *vc/cb*) agus séis eile ar an mbasún ag an am céanna = 3<br>tá cuntrashéis ar an mbasún á seinm i gcoinne an téama Síos = 3<br>tá cuntrashéis á seinm i gcoinne an téama Síos ar *vc* agus ar *cb*= 3<br>tá armóin ann - seinneann viólaí i dtréacha le *vc* agus/nó *cb* = 3<br><br>tá cuntrashéis ann = 2<br>tá séis agus cuntrashéis ann = 2<br>tá cuntrashéis á seinm i gcoinne an téama Síos = 2<br>is féidir dhá shéis éagsúla a chloisteáil ag an am céanna = 2<br><br>tá armóin ann = 1<br>cuirtear níos mó uirlisí sna barraí deiridh (veidhlíní) = 1<br>Ilfhónach (leis féin) = 1 + mionléiriú;"*tá séis agus cuntrashéis ann*" = 2.<br><br>Homafónach (leis féin) = 0<br>Séis/Téama síos + *vc/cb* (téaduirlisí íochtaracha) = 0<br><br>Bronnadh le haghaidh cáilíochta: 0, 1,2 nó 3 | 3 |
| | **Sliocht 3 (barraí 33 – 40): Dlúthdhiosca 1 Rianta 9 – 11** | |
| **(c)** | Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos ar dhifríocht bhailí amháin idir an ceol sa sliocht seo agus an ceol i Sliocht 2.<br><br>**Mar shampla:**<br>tonúlacht mhór ($E^b$ mór); cuntrashéis nua / dhifriúil; cuntrashéis ar théaduirlisí (íochtaracha)/*vla/vc/cb*; téama Síos ar veidhlíní; *timpani* curtha leis; níos mó uirlisí curtha leis + tabhair sampla (e.g. barra 40); corda *tutti*; corda *ff;* tá an tuinairde níos airde; | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| | níos mó uirlisí curtha leis = 1<br>athraíonn an tonúlacht = 1<br><br>tagairt ghinearálta do dhinimic = 0.<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 | |
| | **Sliocht 4 (barraí 49 – 60): Dlúthdhiosca 1 Rianta 12 – 14** | |
| **(d)** | Suas le dhá mharc an ceann le haghaidh cur síos ar dhá ghné bhailí den cheol sa sliocht seo.<br><br>Nóta: ní mór an ghné a lua agus roinnt mionsaothraithe a thabhairt uirthi. D'fhéadfaí ainm(neacha) na huirlise/na n-uirlisí a ghabhann leis an ngné, nó níos mó de thuairisc ar an ngné féin.<br><br>**Mar shampla:**<br>cuntrashéis ar an mbásún; gluaiseacht camáin ar an mbasún; gluaisne chontrártha ar na téaduirlisí; uigeacht ilfhónach + sampla amháin den chúis; téaduirlisí *pizzicato*; téama Síos ar théaduirlisí; tá an téama le cloisteáil ag dul suas (*vln + vla*) agus ag dul síos (*vc + cb*); éiríonn an ceol níos boige / tá *diminuendo* ann ; tonúlacht mhion / G mion /miontonúlacht thonach;<br><br>tá *pizzicato* ann = 1<br>tá athdhéanamh ann = 1 + mionsaothrú = 2,<br><br>*pizzicato vln/vla/vc/cb*/téaduirlisí = 2, le haghaidh gné amháin agus gan ach gné amháin<br><br>ainmniú na n-uirlisí gan an ghné a ainmniú = 0<br>basún *pizzicato* = 0 | 2+2 |
| | **Sliocht 5 (barraí 62 – 77): Dlúthdhiosca 1 Rianta 15 – 19** | |
| **(e)** | <br><br>Caithfidh an tuinairde agus an rithim a bheith ceart.<br>Marcáil na chéad cheithre nóta ó chlé go deas. 0.5m as gach nóta atá ceart. | 2 |
| **(f)** | Suas le dhá mharc an ceann le haghaidh cur síos ar dhá ghné bhailí den tionlacan a chloistear sa sliocht.<br><br>Nóta: ní mór an ghné a lua agus roinnt mionsaothraithe a thabhairt uirthi. D'fhéadfaí ainm(neacha) na huirlise/na n-uirlisí a ghabhann leis an ngné, nó níos mó de thuairisc ar an ngné féin.<br><br>**Mar shampla:**<br>léimeanna ochtacha; léimeanna cúigigh; *mf* seinnte ar *timpani/*thrombón; tagairt chruinn don rithim a seinneadh; cordaí poncaithe ag téaduirlisí; scála leathchamáin suas ar théaduirlisí; scála crómatach suas ar an trombón agus ar ofaicléid;<br><br>ainmniú na n-uirlisí gan an ghné a ainmniú = 0<br><br>Freagra nach bhfuil go hiomlán ceart = 1 | 2+2 |

**Sliocht 6 (barraí 89-104): Rianta 20 – 22**

**(g)** Suas le trí mharc le haghaidh cur síos ar dhifríocht bhailí amháin idir an ceol i Sliocht 5 agus an ceol i Sliocht 6. Sna freagraí ní mór tagairt a dhéanamh don dá shliocht agus don phointe céanna difríochta. — 3

**Mar shampla:**

| | **Sliocht 5** | **Sliocht 6** |
|---|---|---|
| **Difríochtaí** | briseadh isteach ar théaduirlisí<br>gan rithim phoncaithe san olldord<br>níl trírí ann ar an vióla agus/nó ar an dordveidhil<br>gan aon fhigiúr leathchamáin ar na veidhlíní<br>níl airpéitsí ann ar an vióla agus/nó ar an dordveidhil<br>gan aon seichimh ar théaduirlisí<br>gan aon ainteafan idir veidhlíní<br>gan athdhéanamh ar an olldord | téaduirlisí mar thionlacan tríd síos<br>rithim phoncaithe san olldord<br>tá trírí ann ar an vióla agus/nó ar an dordveidhil<br>figiúr leathchamáin ar na veidhlíní<br><br>tá airpéitsí ann ar an vióla agus/nó ar an dordveidhil<br>seichimh ar théaduirlisí<br>ainteafan ar na veidhlíní<br>athdhéanamh ar an olldord |
| | Tá an uigeacht difriúil = 1 + mionsaothrú, suas le 3 mharc | |

Nóta 1: teastaítear dhá phíosa faisnéise faoin difríocht, cad é an difríocht atá ann agus mír éigin eile faisnéise faoi. Is minic gur uirlis í seo.

Nóta 2: freagraí cearta a thagraíonn d'aon sliocht amháin = 1, beag beann ar an méid mionsaothraithe a thugtar.

Bronnadh le haghaidh cáilíochta: 0, 1, 2 nó 3

(h) Suas le trí mharc as cúis bhailí amháin lena dtacaítear leis an ráiteas agus tagairt á déanamh don cheol a chloistear sa sliocht. — 3

**Mar shampla:**
tagairt do théama na Máirseála; tonúlacht mhór; rithim phoncaithe; na práis a úsáid; luas; am a 2/2 nó am a 4/4; dinimic.
Freagraí chun mionsaothrú a dhéanamh ar cheann de na gnéithe seo (nó eile) den cheol a chloistear sa sliocht.

Liosta gnéithe = 3

Tagairt don mhothú amháin gan tagairt don cheol a chloistear sa sliocht = 0

Bronnadh le haghaidh cáilíochta: 0, 1, 2 nó 3

| Ceist 2 – 10 Marc | | |
|---|---|---|
| ***Seachanges (le Danse Macabre)* le Raymond Deane (barraí 128-140): Dlúthdhiosca 1 Rianta 24 – 26** | | |
| **(a)** | Suas le 1.5 marc as gach ceann de dhá ghné bhailí den cheol a chloistear sa sliocht seo a sheinntear ar an bhfliúit.<br><br>**Mar shampla:**<br>méadú; mír sé nóta; (bunaithe ar) chill trí nóta; nótaí G, $A^b$ agus $B^b$ ;<br>prionsabal an dealaithe/ laghdaíonn sé ó mhír sé nóta go nóta amháin; réim íseal; nótaí fada/marthanacha; gluaiseann (go príomha) i minimí (agus i leathláin);<br>*molto vibrato*; *legato*; gluaiseacht céimeanna; *mp*; | 1.5 + 1.5 |
| **(b)** | cordabhraislí | 2 |
| **(c)** | Suas le dhá mharc as gné bhailí de cheol an phianó sa sliocht seo.<br><br>**Mar shampla:**<br>cordaí fada/ cordaí marthanacha/ cordaí briste/bloc-chordaí; tríphléadaigh;<br>méadaíonn ó nóta amháin go figiúr seacht nóta/prionsabal an tsuimiúcháin;<br>nótaí/cordaí ísle/an-íseal; nótaí/cordaí arda/an-ard;<br>cordaí = 1<br><br>Freagra nach bhfuil go hiomlán ceart = 1 | 2 |
| **(d)** | Suas le trí mharc le haghaidh cur síos ar ghné bhailí amháin den cheol a thagann díreach tar éis an tsleachta seo *Seachanges (le Danse Macabre)* le Raymond Deane.<br><br>Glac le haon tagairt cheart don cheol i mbarraí 141 – 149.<br><br>**Mar shampla:**<br>Luas (níos) tapa; comhcheanglaítear sa chéad chuid eile *Totentanz/Danse Macabre* agus *Dies Irae;* cloistear rithim *Danse Macabre* ar théaduirlisí/ar an veidhlín/dordveidhil; cordaí C mór (veidhlín + dordveidhil); crótáil (ag an tús); (déantar an ceol a phoncú le) cordaí ar an mairimbe / pianó; seinntear ábhar ón *Dies Irae* ar an bhfliúit; seinntear leathchamáin (ghasta) ar an bhfliúit;<br><br>Bronnadh le haghaidh cáilíochta: 0, 1, 2 nó 3 | 3 |

| **Ceist 3 – 10 Marc** | | |
|---|---|---|
| ***Coinséartó Pianó i mórghléas A K488* le Mozart**<br>**Dara gluaiseacht** | | |
| **Sliocht 1 (barraí 68 – 76): Dlúthdhiosca 1 Rianta 28 – 30** | | |
| **(a)** | Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos bailí ar an gcaoi a gcloistear aithris sa sliocht seo.<br><br>**Mar shampla:**<br>déantar aithris ar veidhlín (1) le basún; déantar aithris ar chláirinéid le basún; déantar aithris ar fheadóg mhór le basún; déantar aithris ar an veidhlín agus ar an gcláirinéid le basún; déantar aithris ar an veidhlín agus ar an bhfeadóg mhór le basún; tá barra amháin idir an aithris; socraítear an aithris ag fad seachtaigh (thíos);<br><br>Freagra nach bhfuil go hiomlán ceart = 1m<br><br>Cur síos cineálach ar aithris gan tagairt don cheol sa sliocht = 0m | 2 |
| **(b)** | Dúnadh foirfe | 1 |
| **Sliocht 2 (barraí 76 – 84): Dlúthdhiosca 1 Rianta 31 – 33** | | |
| **(c)** | Suas le 1.5 marc as gach ceann de dhá ghné bhailí den cheol a chloistear sa sliocht a sheinntear ar an bpianó.<br><br>**Mar shampla:**<br>maisenótaí/casadh/maisiú; déacha síos ; léimeanna ochtach; léimeanna leathana; dord Alberti/corda briste; (figiúr amhail) airpéitse; gluaiseacht céimeanna; nótaí athdhéanta; téama 2B (breachnú);<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1 | 1.5<br>+<br>1.5 |
| **Sliocht 3 (barraí 88 – 99): Dlúthdhiosca 1 Rianta 34 – 35** | | |
| **(d)** | Suas le dhá mharc in aghaidh gach cur síos ar dhá ghné bhailí den cheol sa sliocht seo.<br><br>**Mar shampla:**<br>téaduirlisí *pizzicato;* léimeanna leathana ar an bpianó; nótaí fada marthanacha ar ghaothuirlisí adhmaid/na práis/ ghaothuirlisí/fl/cl/cor; téama / téama 2 a chualathas roimhe seo ar fheadóg mhór /clairinéad /basún; figiúr athdhéanta ar an bpianó; léimeanna ochtacha ar an bpianó; figiúr *albert*i/cordaí briste ar veidhlín; nótaí athdhéanta ar an bpianó; tréacha ag titim ar an bpianó; dinimic ag dul in éag go pp; corda tonach athdhéanta/ ag ardú / F# mionchorda ag an deireadh.<br><br>Glac le téaduirlisí *arco* = 2m<br>téaduirlisí *staccato* = 1<br>ainmniú na n-uirlisí gan an ghné a ainmniú = 0<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m | 2+2 |

| **Ceist 4 – 10 Marc** | | |
|---|---|---|
| | ***She's Leaving Home*** **leis na Beatles**<br>**Intreoir + Véarsa 1: Dlúthdhiosca 1 Rianta 37 – 39** | |
| **(a)** | Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos ar ghné bhailí amháin den intreoir.<br><br>**Mar shampla:**<br>seinnte ar an gcláirseach; cordaí briste; E mór; séach breisithe; ceathrach breisithe; ceithre bharra ar fhad, dhá bharra athdhéanta; gluaiseacht camáin; corda rollta (ar an gcéad bhuille de gach barra); ní úsáidtear ach corda amháin;<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m | 2 |
| **(b)** | Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos ar ghné bhailí amháin den cheol gutha sa sliocht seo.<br><br>**Mar shampla:**<br>sioncóipiú; gluaiseann de réir céime agus léime; nótaí athdhéanta; athdhéanamh; léimeanna suas (tréach, ceathrach agus seachtach); raon = seachtach ; ceannas C# sa líne séise; scála/líne síos;<br><br>scála = 1<br>síos = 0<br>cantar é = 0 , ach glac le *conas* a chantar an ceol<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m | 2 |
| **(c)** | ♪♩ ♪♩ | 2 |
| **(d)** | gluaisne chontrártha | 2 |
| **(e)** | Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos ar shampla bhailí amháin de phictiúr á chruthú sa cheol a chloistear sa sliocht.<br><br>**Mar shampla:**<br>líne/scála dordveidhle 'a chruthaíonn' pictiúr d'éirí na gréine/ briseadh an lae (deireadh líne 1); le líne/scála/ar an veidhlín síos 'cruthaítear' pictiúr amhail a bheith ag dul síos an staighre (deireadh líne 4);<br><br>I measc na bhfreagraí bailí tá samplaí de focaldathú, mar déanann siad sin pictiúr a phéinteáil freisin. | 2 |

## Ceist 5 – 25 Marc

**Sliocht 1: Sharon Shannon and Friends, *The Diamond Mountain Sessions***
***Slopes of Benbulben agus Tae in the Bog***
**Dlúthdhiosca 2 Rianta 1 – 3**

**(a)**

| | An cineál damhsa | Amchomhartha | Barra rithime | |
|---|---|---|---|---|
| **Damhsa 1** | Ríl | $\frac{2}{4}$ $\frac{2}{2}$ $\frac{4}{4}$ | Barra ceart ar bith de rithim ríle | 1+0.5+0.5 |
| **Damhsa 2** | Port | $\frac{6}{8}$ | Barra ceart ar bith de rithim poirt | 1+0.5+0.5 |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | cnaipchairdín/bosca ceoil/cairdín/bainseó<br><br>glac le maindilín/consairtín<br><br>giotár/basúcaí = 0 | 1 |

**Sliocht 2 - véarsa as *Skibbereen* (cóiriú Seán Keane) ón albam *Seánsongs***

**Dlúthdhiosca 2 Rianta 4 – 6**

| | | |
|---|---|---|
| **(c)** | Sean-nós | 0.5 |
| **(d)** | Suas le 1.5 marc as gach ceann de dhá ghné bhailí den sean-nós atá le cloisteáil sa sliocht.<br><br>**Mar shampla:**<br>ornáidíocht; *vibrato*; rithim shaor; srónaíl;<br>aonréad/gan tionlacan/monafónach; | 1.5 + 1.5 |
| **(e)** | an nóta deireanach athdhéanta nó scála mantach | 1 |
| **(f)** | ABBA | 1.5 |

| Sliocht 3 - Strung and the Cork Opera House Orchestra, *The Dam Reel* (cóiriú Cormac McCarthy)<br>Dlúthdhiosca 2 Rianta 7 – 9 | | |
|---|---|---|
| **(g)** | Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos ar ghné bhailí de stíl 1 (stíl traidisiúnta na hÉireann) mar a chloistear sa sliocht.<br><br>**Mar shampla:**<br>is fonn damhsa Gaelach (atá sa tséis); is ríl (atá sa tséis); seinntear an tséis le hornáidiú; sleamhnáin; 7ach maol;<br><br>is fonn damhsa é an tséis = 1<br>ainmniú na huirlise = 1<br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1<br><br>Suas le dhá mharc le haghaidh cur síos ar ghné bhailí de stíl 2 (Nua-Aimseartha/Comhaimseartha) mar a chloistear sa sliocht.<br><br>**Mar shampla:**<br>teicnící uirlise neamhghnácha ar théaduirlisí agus/nó na práis (trumpa); díshondas; rithimí casta; líne séise ilroinnte / uilleach; armóin neamhghnácha; teaglaim neamhghnách d'uirlisí;<br><br>Ainmniú na n-uirlisí = 1m<br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m | 2<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>2 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5B** | **Suas le 10 marc do cháilíocht na bhfreagraí agus d'eolas ar an topaic a roghnaíodh.** | | **10** |
| | Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. | 10 | |
| | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice. | 8-9 | |
| | Eolas maith ar an topaic, ach easpa mionsonraí. | 6-7 | |
| | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 4-5 | |
| | Freagairt neamhleor ar an iomlán don topaic. | 2-3 | |
| | Is beag an fhreagairt don topaic atá le haithint. | 1 | |
| | Ní léir aon fhreagairt don topaic. | 0 | |

| **Ceist 6 – 20 Marc** | | |
|---|---|---|
| **Sliocht 1 - *Conga del Fuego Nuevo* le Márquez**<br>**Dlúthdhiosca 2 Rianta 11 – 13** | | |
| **(a)** | (i) trumpa/coirnéad<br>(ii) gaothuirlisí adhmaid | 2<br>2 |
| **(b)** | athruithe sa ghléas | 2 |
| **Sliocht 2 - *Conga del Fuego Nuevo* le Márquez**<br>**Dlúthdhiosca 2 Rianta 14 – 16** | | |
| **(c)** | <br>Marcáil na chéad cheithre nóta ó chlé go deas. 0.5 m as gach tuinairde atá ceart. | 2 |
| **Sliocht 3 - *Old Town* le Philip Lynott agus Jimmy Bain, arna léiriú ag Philip Lynott.**<br>**Dlúthdhiosca 2 Rianta 17 – 19** | | |
| **(d)** | Suas le dhá mharc le haghaidh gné bhailí amháin den tséis ghutha i línte 1 – 4 sa sliocht.<br><br>**Mar shampla:**<br>nótaí athdhéanta; athdhéanamh (séiseach); líne síos; gluaiseann de réir céime;<br><br>freagra atá ceart i bpáirt = 1 | 2 |
| **(e)** | figiúirí 2 nóta a athdhéanamh | 2 |
| **(f)** | seichimh nó athdhéanamh | 2 |

**Sliocht 4 - *Old Town* le Philip Lynott agus Jimmy Bain, arna léiriú ag The Corrs.**
**Dlúthdhiosca 2 Rianta 20 – 22**

**(g)** Suas le trí mharc le haghaidh gach cur síos ar dhá dhifríocht bhailí idir an ceol a chloistear sa sliocht seo (Sliocht 4) agus an ceol a chloistear i Sliocht 3. Sna freagraí ní mór tagairt a dhéanamh don dá shliocht agus don phointe céanna difríochta. — 3+3

**Mar shampla:**

| | **Sliocht 3** | **An Sliocht Seo (Sliocht 4)** |
|---|---|---|
| **Difríochtaí** | Guth fireann<br>Canta go haonréadach (tríd síos)<br><br>Níl aon tambóirín ann<br>Seinntear na drumaí ó thús an tsleachta | Guth baineann<br>canta le harmóin/armóin curtha leis (sa churfá)<br>Tambóirín<br>Seinntear na drumaí ón gcúrfa |
| | Aonréad pianó<br>Ceol uirlise: scálaí síos<br>Níl aon chuntrashéis ar an veidhlín<br>Gléas $D^b$ Mór<br>Tuinairde / gléas níos ísle | Aonréad trumpa<br>Ceol uirlise: scála suas<br>Tá cuntrashéis ar an veidhlín<br>Gléas G mór<br>Tuinairde / gléas níos airde |
| | Tá siad i ngléasanna éagsúla | |

Nóta: freagraí cearta a thagraíonn do shliocht amháin = 1, beag beann ar an an méid mionsonraí a thugtar

Bronnadh le haghaidh cáilíochta: 0, 1, 2 nó 3

<table>
<tr><th colspan="2">Gné</th><th>Tuairiscíní</th><th>Marc</th><th>Iom</th></tr>
<tr><td rowspan="8">Páipéar</td><td>1</td><td>Ainm na topaice</td><td>-</td><td rowspan="8">100</td></tr>
<tr><td rowspan="7">2-4</td><td>• Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Sárthagairt do na deich sliocht ceoil atá ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis an bpáipéar a léiríonn an ghné/na gnéithe a phléitear.<br>• Sárthaighde le haithint, agus sárfhreagairt phearsanta.<br>*Foinsí sármhaithe agus tagairt shármhaith do dréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.*</td><td>85 - 100</td></tr>
<tr><td>• Feasacht an-mhaith agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Tagairt an-mhaith do na deich sliocht ceoil atá ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis an bpáipéar a léiríonn an ghné/na gnéithe a phléitear.<br>• Taighde an-mhaithe déanta, agus freagairt phearsanta an-mhaith.<br>*Foinsí an-mhaith agus tagairt an-mhaith do dhréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.*</td><td>70 - 84</td></tr>
<tr><td>• Eolas maith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe, ach mionsonraí in easnamh.<br>• Tagairt mhaith do shleachta ceoil áirithe/do na sleachta ceoil uile atá ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis an bpáipéar a léiríonn an ghné/na gnéithe a phléitear go ginearálta.<br>• Taighde maith le haithint agus freagairt phearsanta mhaith.<br>*Foinsí maithe agus tagairt mhaith do dhreachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.*</td><td>55 - 69</td></tr>
<tr><td>• Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí.<br>• An rogha topaice ró-leathan chun freagairt phearsanta agus mhionsonraithe iomchuí a cheadú.<br>• Tagairt éigin do gach gné ceoil/roinnt gnéithe ceoil na topaice agus do thaifeadtaí ceoil.<br>• Ní léiríonn na sleachta taifeadta gnéithe na haiste / ní bhaineann na sleachta taifeadta le gnéithe na haiste.<br>*Baineadh leas as foinsí ginearálta ach fócas sonrach in easnamh iontu.*<br>*Tagairt éigin do dréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.*</td><td>40 - 54</td></tr>
<tr><td>• Freagairt neamhleor don ábhar roghnaithe ar an iomlán.<br>• Gan aon fhianaise nó fianaise bheag atá tugtha ar thaighde nó ar fhreagairt phearsanta.<br>• Gan aon tagairt nó is beag tagairt atá déanta do ghnéithe ceoil na topaice<br>• Gan aon tagairt nó is beag tagairt atá déanta do na taifeadtaí ceoil.<br>*Foinsí neamhleora liostaithe agus tagairt neamhleor do dhréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.*</td><td>25 - 39</td></tr>
<tr><td>Gan mórán freagartha don topaic roghnaithe le feiceáil.</td><td>10 - 24</td></tr>
<tr><td>Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe</td><td>0 - 9</td></tr>
</table>

**Déan tagairt do Shiollabas Ceoil na hArdteistiméireachta – leathanach 12 – 2.3.5**